

Cúrsaí Gaeilge

Táimid an-bhuíoch do na tuismitheoirí atá ag déanamh iarracht an Ghaeilge a labhairt timpeall na scoile. Déanann sé an-difríocht agus tugann na páistí faoi deara é freisin. Iarrtar ar gach teaghlach mór-iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt sa scoil, le múinteoirí, le páistí agus le tuismitheoirí eile. Bíonn an-tionchar aige seo ar ghasúir na scoile agus cabhraíonn sé go mór dearcadh dearfach a chruthú i leith na teanga.

Ba chóir na páistí a spreagadh Gaeilge a labhairt ina measc féin, ag teacht agus ag imeacht ón scoil, ar chartaí chuig a chéile agus ar chuiridh bhreithlá.

We appreciate the effort made by many families to speak Irish in the vicinity of the school. This helps the children develop a more positive attitude towards the language. We ask all parents to speak as much Irish as they can, to teachers, children and other parents when dropping children or collecting them. It is very important that the children hear as much Irish as possible and that they witness everybody making an effort. The children should be encouraged to speak Irish among themselves, coming to and from school, on cards to each other and on birthday invitations.

Asláithreacht Páistí / Absence from School

Cuirtear i gcuimhne daoibh gur gá nóta a scríobh ag míniú fáth gach asláithreacht. Tá an riachtanas seo ann fiú má ghlaonn tú isteach nuair atá an páiste tinn. Is gá don scoil na nótaí seo a choinneáil ar thaifead don Bhord Leas Oideachais.

Má chailleann do pháiste 20 lá nó níos mó, tá dualgas ar an scoil é seo a chur in iúil don Bhord Leas Oideachais. Más de bharr tinnis a chaill do pháiste na laethanta cuirtear seo in iúil.

Tabhair faoi deara go nglaohtar an rolla roimh 10.30am gach lá. Sa chás nach mbíonn do pháiste ar scoil faoin am seo máirceálfar as láthair iad de réir treoilínte na Roinne Oideachais agus Scileanna (seachas i gcásanna eisceachtúla, agus iad seo pléite leis an múinteoir roimhré).

Iarrtar oraibh gan páistí atá tinn a chur ar scoil. Scaipeann galair go h-éasca agus níl sé cothrom ar éinne. Ní hachmhainn dúinn páistí atá tinn a choinneáil istigh ag am lóin, agus ní cheadaítear é seo ach amháin i gcásanna eisceachtúla. Níor chóir do pháistí atá tinn a bheith ar scoil.

We remind parents that a written note is required whenever a child is absent from school, explaining the reason for that absence. This requirement exists even if the parent has phoned in to explain the absence, as the school must keep written records of child absence from school.

Schools are required by law to report children who miss 20 days or more in a school year to the Education Welfare Board. If the child has missed days because of illness, this is included in the report.

Please note that the school roll is called prior to 10.30 each day. If your child is not in school by this time they will be marked absent in line with the Department of Education and Skills' guidelines (except in exceptional circumstances, which should be discussed with the teacher beforehand).

You are asked not to send sick children to school. Germs spread very quickly in a classroom, and it is not fair on anyone. The school does not have the resources to supervise sick children indoors at lunch-time, and this is not allowed except in exceptional circumstances. Children who are unwell should not be in school.

Polasaí Lóin / Lunch Policy

Meabhraítear daoibh go bhfuil polasaí lón sláintiúil ar scoil. Níl cead ag gasúir brioscáin, pop arbhar seacláid, milseáin nó deochanna fizzy a thógáil ar scoil. Tá cead ag gasúir soláiste beag amhain a thabhairt ar scoil gach lá. Ní cheadaítear cnónna sa scoil ag am ar bith, nó táirgí ar bith ina mbeadh cnónna (spreads / barraí seacláide / nutella &rl) Tá sé fíor thábhachtach go gcloíann **gach teaghlach** leis seo toisc go bhfuil cúpla gasúr sa scoil a bhfuil droch-chol acu le cnónna.

Iarrtar ar ghasúir gach bruscar a bhaineann lena lón féin a thabhairt abhaile. Tá roinnt fáthanna leis an bpolasaí seo:

1. Chun go mbeidh a fhios ag tuismitheoirí cé mhéad den lón atá a bpáistí ag ithe. Bhí páistí ag cur ceapairí &rl sa bhosca bruscar.
2. Ní féidir ábhar plaisteach a athchúrsáil ar scoil faoi láthair.
3. Bhí fadhbanna móra againn le leath-bhoscaí yoghurt, cartúin deochanna &rl, á bhfágáil ar an doirteal, agus gan iad a bheith glanta amach.
4. Creidimid gur traenáil maith do pháistí é a gcuid bruscar a thabhairt leo agus freagracht a ghlacadh dó, mar a dheinidís dá mbeidís ag tabhairt bia go dtí an trá, nó ar phicnic.
5. Is féidir leat cabhrú le do pháiste a c(h)uid bruscar a eagrú tríd an lón a chur i mbosca lóin i gcónaí, agus, do pháistí óga, yoghurt agus deochanna a chur i mboscaí/buidéil plaisteacha gur féidir a dhúnadh i gceart.

Má tá aon fhadhb ar leith ag do pháiste ag eagrú an bruscar lóin, labhair leis an múinteoir ranga.

Parents are reminded that the school has a healthy lunch policy. Children are not permitted to bring crisps, popcorn chocolate, sweets or fizzy drinks to school. Children may bring one small treat each day. Nuts and nut products (spreads / chocolate bars / nutella etc) are not permitted in the school at any time. It is vital that everybody adheres to this policy as there are a few children in the school who have a severe nut allergy.

We have a policy of asking children to bring their lunch rubbish home. The reasons for this policy are:

1. *So that parents will know how much of their lunch the children are eating. Some children were depositing their sandwiches, etc, in the rubbish bins.*
2. *We cannot recycle plastics at school at present.*
3. *We had problems with half-full tubs of yoghurt, juice cartons etc, being left uncleaned on the sinks, or thrown into bins.*
4. *We believe it is good training for the children to take responsibility for their rubbish and bring it home, just as they would if they brought food to a beach, or on a picnic.*
5. *You can help your child to organise his/her rubbish by providing lunch boxes, and, especially for younger children, putting yoghurt, drinks etc in containers with lids.*

If your child is experiencing any particular problems in organising the lunch rubbish, please discuss this issue with the class-teacher.

Poncúlacht / Punctuality

Tá sé an-tábhachtach go mbeadh gach páiste ar scoil in am gach maidin agus suite agus reidh dul i mbun oibre ag 09.10. Cailleann na páistí féin amach ar chuid an-tábhachtach d'obair agus clár an lae nuair a bhíonn siad déanach agus is cur isteach mór é ar obair an ranga chomh maith.

Mar a chéile le páistí a fhágann an scoil go luath go rialta. Sa chás go dtagann páiste ar scoil déanach nó go bhfágann siad an scoil go luath is gá **dul ag an bPríomhoide agus an leabhar in oifig an rúnaí a shíniú**. Ní leor an leabhar a shíniú amháin.

It is of utmost importance that children be punctual every morning and be present and ready to begin work at 09.10. Children miss out on a valuable part of a day's work and programme when they are late as well as interrupting work already in progress. Likewise for children that leave the school early.

*In such cases it is essential that **the Principal is consulted and that the book in the secretary's office is signed.** It is not sufficient to sign the book.*

Fóin Phóca / Mobile Phones

Meabhraítear daoibh arís go bhfuil polasaí an-soiléir ag an mBord Bainistíochta maidir le fóin phóca ag gasúir ar scoil. Ní cheadaítear fóin ach i gcásanna eisceachtúla. Sna cásanna eisceachtúla sin is gá go mbeadh **nóta sínithe ag lorg cead** i gcomhad an pháiste. Ní chóir go mbeadh an fón ar siúl ag am ar bith agus sa chás go bhfuil fón ar scoil ag páiste gan cead nó fón ar siúl sa scoil bainfear an fón ón bpáiste agus beidh sé le bailiú ag tuismitheoir ón oifig. Cinntigh le bhur dtoil go bhfuil nóta bailí ar chomhad do pháiste má tharlaíonn go bhfuil cúis eisceachtúil ann go bhfuil an fón leis / léi ar scoil. Tá an polasaí iomlán ar fáil ó oifig na scoile.

You are reminded that the Board of Management has a specific policy on mobile phones. Children are not permitted to have phones in school except in exceptional circumstances. In such circumstances the children must have a signed note requesting permission on file. Phones should never be on and where a child is caught in possession of a phone or with a phone on it will be confiscated, left in the office for a parent to collect. Please ensure that your child has a valid note on file if they have exceptional need for a phone in school. The complete policy is available from the office